Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Meitheamh 2022**
**(OR. fr, en)**

**9997/22**

**CT 104**
**ENFOPOL 329**
**COTER 139**
**JAI 841**
**SIRIS 61**
**FRONT 240**
**IXIM 157**
**COSI 158**
**ASILE 72**
**MIGR 184**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9545/22 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle: Muintir na hEorpa a chosaint ar an sceimhlitheoireacht: an méid atá bainte amach agus na chéad chéimeanna eile |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo téacs na gconclúidí maidir leis an ábhar thuasluaite, mar a d'fhormheas an Chomhairle é (Ceartas agus Gnóthaí Baile) an 9 Meitheamh 2022.

**IARSCRÍBHINN**

Muintir na hEorpa a chosaint ar an sceimhlitheoireacht:
an méid atá bainte amach agus na chéad chéimeanna eile

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

1. AG ATHDHEARBHÚ DI go n-ionsaíonn an sceimhlitheoireacht bunluachanna an Aontais Eorpaigh agus cearta an duine, gur dhíol sásaimh don Chomhairle Eorpach, sna conclúidí uaithi an 11 Nollaig 2020[1], an Clár Oibre Frithsceimhlitheoireachta don Aontas Eorpach a thíolaic an Coimisiún Eorpach agus gur iarr sí sna conclúidí sin go ndéanfaí tuilleadh oibre i ndáil leis sin;

2. Á THABHAIRT DÁ hAIRE go bhfuil tuilleadh dul chun cinn déanta ó chonclúidí an 11 Nollaig 2020, amhail cur chun feidhme an Rialacháin maidir le haghaidh a thabhairt ar scaipeadh ábhair sceimhlitheoireachta ar líne[2], neartú shainordú Europol agus ullmhú sainordaithe láidir le haghaidh reachtaíocht lena dtreisítear an cosc ar sciúradh airgid agus ar mhaoiniú sceimhlitheoireachta;

3. Á MHEABHRÚ DI go luaitear sna conclúidí céanna go bhfuil sé tábhachtach go ndéanfaí gach duine a thrasnaíonn teorainn sheachtrach an Aontais a sheiceáil sna córais faisnéise ábhartha, mar a cheanglaítear i reachtaíocht an Aontais, agus go n-iarrtar ar na Ballstáit cur lena ndua maidir le lánúsáid a bhaint as córais faisnéise Eorpacha trí fhaisnéis ábhartha a iontráil fúthu sin a bhfuil bagairt thromchúiseach sceimhlitheoireachta nó bagairt antoisceach fhoréigneach ag baint leo, lena n-áirítear trodaithe eachtracha sceimhlitheoireachta;

4. Á MHEABHRÚ DI go cuirtear i dtreis sna conclúidí a thábhachtaí atá sé an gríosú chun fuatha agus chun foréigin, chomh maith leis an éadulaingt, a chomhrac agus, le tagairt ar leith don radacú, aghaidh a thabhairt ar idé-eolaíochtaí na sceimhlitheoireachta agus an antoisceachais fhoréignigh chomh maith le haon tionchar eachtrach a imríonn an maoiniú neamhthrédhearcach ar na heagraíochtaí náisiúnta sibhialta agus reiligiúnacha;

---

1. EUCO 22/20.
2. Rialachán (AE) 2021/784 ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 (IO L 172, 17.5.2022, lch. 79). Bhí feidhm ag an Rialachán ón 7 Meitheamh 2022.

5. Á CHUR I dTÁBHACHT DI gur den fhíor-riachtanas go mbeadh na húdaráis imscrúdaithe agus na húdaráis bhreithiúnacha in ann a gcumhachtaí dleathacha a fheidhmiú ar líne agus, go ginearálta, gur den fhíor-riachtanas go mbeadh rochtain ag na húdaráis frithsceimhlitheoireachta ar na sonraí digiteacha agus an fhianaise leictreonach uile is gá chun a misean a bhaint amach, agus cearta agus saoirsí bunúsacha á n-urramú;

6. Á MHEABHRÚ DI gur chuir Comhairle an Aontais Eorpaigh in iúl sna conclúidí uaithi maidir leis an tslándáil inmheánach agus maidir leis an gComhpháirtíocht Eorpach Póilíní, a glacadh an 14 Nollaig 2020[3], go raibh an bhagairt sceimhlitheoireachta ar an Aontas Eorpach gona Bhallstát fós tromchúiseach agus gur cheart leanúint d'aird ar leith a thabhairt ar throdaithe eachtracha sceimhlitheoireachta atá ag filleadh ó limistéir choinbhleachta, agus ar phríosúin agus ar phríosúnaigh a scaoiltear saor;

7. Á MHEABHRÚ DI gur mhol an Chomhairle, sna conclúidí céanna, do na Ballstáit aird ar leith a thabhairt ar na daoine a mbaineann bagairt sceimhlitheoireachta nó bagairt antoisceach fhoréigneach leo agus chuir sí i bhfios go láidir nach mór a áirithiú san Eoraip gan teorainneacha inmheánacha, go ndéanfar faisnéis a roinnt go hiontaofa agus go tapa nuair a thaistealaíonn na daoine sin nó nuair a nascann siad le daoine aonair nó le líonraí i mBallstáit eile;

8. Á THABHAIRT DÁ hAIRE gur chuir an Chomhairle i dtreis, sna conclúidí céanna, nach mór gach iarracht a dhéanamh tuilleadh radacaithe ar líne agus as líne a chosc agus chun cur i gcoinne gach cineál antoisceachais fhoréignigh agus sceimhlitheoireachta;

9. Á MHEABHRÚ DI go sainaithníonn na conclúidí céanna gur 'ardtosaíocht' é comhrac na gáinneála ar airm;

10. Á CHUR I dTÁBHACHT DI ar a thiomanta a bhí an Chomhairle sna conclúidí uaithi an 7 Meitheamh 2021[4] chun a áirithiú go mbeidh acmhainní agus uirlisí iomchuí ar fáil d'údaráis frithsceimhlitheoireachta agus frith-antoisceachais fhoréignigh sna Ballstáit ionas gur féidir leo freagairt go leanúnach agus go héifeachtúil ar bhagairtí na sceimhlitheoireachta agus an antoisceachais atá ag teacht chun cinn;

---

[3]. Conclúidí ón gComhairle maidir leis an tSlándáil Inmheánach agus maidir leis an gComhpháirtíocht Eorpach Póilíní (13083/1/20 REV 1).

[4]. Conclúidí ón gComhairle 'Tionchar phaindéim COVID-19 ar bhagairt na sceimhlitheoireachta agus an antoisceachais fhoréignigh, lena n-áirítear an tionchar ar údaráis frithsceimhlitheoireachta agus frith-antoisceachais fhoréignigh agus ar a ngníomhaíochtaí' (9586/21).

11. Á MHEABHRÚ DI, i gcomhréir leis an Dearbhú Comhpháirteach ó Airí Gnóthaí Baile an Aontais Eorpaigh an 13 Samhain 2020 maidir leis na hionsaithe sceimhlitheoireachta san Eoraip, nár cheart tacaíocht ó mhaoiniú poiblí a thabhairt d'eagraíochtaí nach ngníomhaíonn i gcomhréir leis an reachtaíocht ábhartha agus a thacaíonn le hábhar atá contrártha le cearta agus saoirsí bunúsacha, ar an leibhéal náisiúnta ná ar an leibhéal Eorpach;

## I. ***Ardleibhéal dianseasmhach de bhagairt sceimhlitheoireachta, a chothaítear le timpeallacht idirnáisiúnta éagobhsaí***[5]

12. Á MHEABHRÚ DI gur bagairt shuntasach do shaoránaigh na hEorpa iad trodaithe eachtracha sceimhlitheoireachta ag filleadh ar an Eoraip nó ag teacht chuici agus gur gá slándáil chríoch an Aontais a áirithiú agus saoirse gluaiseachta á caomhnú ag an am céanna, ós rud é gur féidir le trodaithe eachtracha sceimhlitheoireachta, a ndéanfadh iarracht filleadh, bealaí casta a úsáid chun seiceálacha slándála údaráis inniúla na mBallstát a sheachaint;

13. Á CHUR I dTÁBHACHT DI gur dócha go leanfaidh meath na staide slándála i roinnt réigiún den domhan, amhail san Afganastáin agus san Úcráin, ar aghaidh agus go bhféadfadh gluaiseachtaí suntasacha daoine chuig críoch an Aontais agus insíothlú daoine aonair ar bagairt sceimhlitheoireachta iad a bheith mar thoradh air cheana féin;

14. Á THABHAIRT DÁ hAIRE go bhfuil leibhéal na bagartha sceimhlitheoireachta fós ard laistigh den Aontas, go háirithe mar gheall ar dhaoine aonair iargúlta agus radacaithe chomh maith le daoine aonair a bhfuil deacrachtaí meabhairshláinte acu, a bhfuil a ngníomhaíochtaí ag éirí níos deacra a bhrath agus a chosc;

15. Á CHUR CHUN SUNTAIS DI an t-athrú ollmhór sa tslándáil ag teorann oirthear na hEorpa agus an tionchar atá aige sin ar shlándáil dhomhanda an Aontais, lena n-áirítear an fhrithsceimhlitheoireacht agus an t-antoisceachas foréigneach a chomhrac.

---

5. Measúnú an Aontais Eorpaigh ar an mbagairt i réimse na frithsceimhlitheoireachta (13682/21).

## II. *Feabhas a chur ar an úsáid a bhaintear as Córas Faisnéise Schengen chun faireachán a dhéanamh ar dhaoine ar bagairt sceimhlitheoireachta iad agus iad a bhrath*

16. Á CHUR I dTÁBHACHT DI maidir le seiceálacha córasacha a chur chun feidhme i gcórais náisiúnta agus i gcórais an Aontais ag an teorainn sheachtrach dá bhforáiltear i gCód Teorainneacha Schengen, chomh maith le clárú, sna córais ábhartha, na ndaoine a thrasnaíonn an teorainn go neamhrialta, lena n-áirítear trí bhithmhéadracht a úsáid amhail sonraí fótagrafacha agus dachtalascópacha, go bhfuil siad bunriachtanach chun cosc a chur ar theacht gan bhrath sceimhlitheoirí ar chríoch an Aontais Eorpaigh;

17. Á MHEABHRÚ DI a thábhachtaí atá Córas Faisnéise Schengen (CFS) maidir le faisnéis a roinnt a d'fhéadfadh tacú leis na Ballstáit ó thaobh daoine aonair ar bagairt sceimhlitheoireachta iad a bhrath agus faireachán a dhéanamh orthu, agus gur gá féachaint a thuilleadh faoin mbealach ina bhféadfaí barrfheabhas a chur ar na huirlisí atá ann cheana chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

    a) a áirithiú go n-iontrálfar an fhaisnéis uile atá ar fáil, go háirithe sonraí bithmhéadracha, agus ardleibhéal cáilíochta agus iomláine sonraí á gcoimeád ag an am céanna;

    b) úsáid a bhaint as an bhféidearthacht atá ann faoi láthair foláirimh faoi sceimhlitheoirí a sainaithníodh a iontráil in CFS, córas a chruthaigh cheana féin go bhfuil sé éifeachtach agus nach mór úsáid bhreise a bhaint as;

    c) feabhas a chur ar an malartú faisnéise idir na Ballstáit i leith trodaithe eachtracha sceimhlitheoireachta a thuairiscítear in CFS, chun gur féidir iad a bhrath agus faireachán a dhéanamh orthu go luath;

18. AGUS TAGAIRT Á DÉANAMH AICI don bhreisluach oibríochtúil a bhaineann leis an nós imeachta iar-amais do throdaithe eachtracha sceimhlitheoireachta atá cláraithe in CFS a fhorbairt, bunaithe ar ghlacadh deonach fógraí amais, chun an fhaisnéis sin a phróiseáil go héifeachtach agus chun tuilleadh feabhais a chur ar shainaithint agus faireachán na mbealaí arna n-úsáid ag na daoine aonair céanna sin;

19. Á MHEABHRÚ DI go dtarlaíonn malartú faisnéise oibríochtúil maidir le trodaithe eachtracha sceimhlitheoireachta a shainaithint agus faireachán a dhéanamh orthu i bhfóraim Eorpacha eile freisin.

## III. ***Comhordú níos fearr ar thoirmeasc ar theacht isteach agus bearta ionnarbtha***

20. Á THABHAIRT DÁ hAIRE gur uirlisí tábhachtacha iad bearta náisiúnta um thoirmeasc ar theacht isteach do shlándáil inmheánach chríoch an Aontais, go háirithe i gcomhthéacs an chomhraic i gcoinne na sceimhlitheoireachta, agus gur cheart iad a fhorfheidhmiú, tar éis comhairliúchán ar an leibhéal náisiúnta, má éiríonn le duine aonair teacht isteach go neamhdhleathach i gcríoch an Aontais agus go ndéanann Ballstát seachas an Ballstát a d'eisigh an beart é a sheiceáil;

21. Á AITHINT DI nár cheart go gcuirfí teorainn leis an luach a bhaineann le bearta náisiúnta um thoirmeasc ar theacht isteach a chur isteach i gCóras Faisnéise Schengen de bharr creataí náisiúnta dlí agus institiúideacha a bheith ann idir na Ballstáit chun toirmeasc ar theacht isteach agus bearta ionnarbtha a eisiúint, trí dhul i muinín fhorálacha Airteagal 24 de Rialachán AE 2018/1861, nuair is féidir;

22. Á THABHAIRT DÁ hAIRE go bhféadfadh daoine aonair atá páirteach i líonraí sceimhlitheoireachta trasnáisiúnta slándáil chríoch an Aontais a chur i mbaol agus, dá bhrí sin, na Ballstáit uile, fiú gan nasc díreach a bheith acu le gach ceann de na Ballstáit sin;

## IV. ***An malartú faisnéise maidir le daoine aonair ar bagairt sceimhlitheoireachta iad a neartú***

23. Á CHUR I dTÁBHACHT DI nach mór do na húdaráis frithsceimhlitheoireachta níos mó faisnéise riaracháin a fháil maidir leis an dul chun cinn atá á dhéanamh i ndáil le hiarratais ar chosaint idirnáisiúnta arna gcur isteach ag daoine aonair ar bagairt sceimhlitheoireachta nó bagairt antoisceach fhoréigneach iad, ar an leibhéal náisiúnta agus idir na Ballstáit araon, chun na bearta riaracháin nó breithiúnacha agus na bearta oibríochtúla atá dírithe ar na daoine sin a oiriúnú níos fearr, agus cearta bunúsacha á n-urramú ag an am céanna;

24. Á CHOMHAONTÚ DI, agus aird chuí á tabhairt ar chearta bunúsacha an duine aonair, lena n-áirítear cosaint shonraí pearsanta na ndaoine aonair lena mbaineann, maidir lena úsáidí atá sé feabhas a chur ar an idirphlé maidir le huainiú agus staid dhul chun cinn na n-iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna dtaisceadh ag na daoine aonair sin ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach, idir:

- údaráis inimirce agus tearmainn,

- údaráis frithsceimhlitheoireachta;

- údaráis frithsceimhlitheoireachta agus imirce agus tearmainn ar an leibhéal náisiúnta.

## *V. An bhagairt ó ghníomhaithe a rannchuidíonn leis an radacú a bhfuil an sceimhlitheoireacht mar thoradh air a chomhrac*

25. Spreagadh a thabhairt go leanfar leis an obair a rinne an Líonra Eorpach um Fheasacht ar an Radacú, go háirithe maidir le comharthaí laga an radacaithe a bhrath go luath, ar líne agus as líne, chomh maith le mol eolais an Aontais a bhunú maidir leis an radacú a chosc, mar a fógraíodh i gClár Oibre Frithsceimhlitheoireachta an Choimisiúin an 9 Nollaig 2020;

26. AG LEAGAN BÉIME DI ar an ngá atá ann freagairt d'fheiniméan forleathan 'radacaithe tapa' na ndaoine aonair a ghníomhaíonn go han-luath tar éis na chéad chomharthaí laga go bhfuil athrú iompraíochta ann, faoi thionchar daoine aonair nó eagraíochtaí a scaipeann idé-eolaíochtaí antoisceacha foréigneacha agus a fhorbraíonn 'éiceachórais' radacacha i gcroílár shochaithe na hEorpa;

27. Á THABHAIRT DÁ hAIRE nach gá gurb é díriú ar eagraíochtaí nó ar dhaoine aonair nach bhfuil rannpháirteach go díreach i ngníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta a dhéanamh mar aidhm dhíreach na smachtbhannaí Eorpacha atá ann cheana[6], fiú má tá siad gníomhach i reitric radacach, antoisceach, fhoréigneach a scaipeadh a tharlóidh sceimhlitheoireacht mar thoradh uirthi.

## *VI.* ***Rochtain ar shonraí bunriachtanacha a áirithiú chun an sceimhlitheoireacht a chomhrac***

28. Á MHEABHRÚ DI, tar éis na gconclúidí ón gComhairle Eorpach an 11 Nollaig 2020, gur saincheist mhór é sonraí a choinneáil chun an sceimhlitheoireacht a chosc agus a chomhrac, i bhfianaise chásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus cearta agus saoirsí bunúsacha á n-urramú go hiomlán;

29. Ag CUR I bhFIOS GO LÁIDIR go ginearálta go bhfuil rochtain ar fhaisnéis dhigiteach agus ar fhianaise dhigiteach bunriachtanach d'údaráis inniúla náisiúnta, go háirithe i gcúrsaí frithsceimhlitheoireachta, agus gur gá, dá bhrí sin, aghaidh a thabhairt ar an rochtain atá acu ar fhaisnéis dhigiteach, lena n-áirítear sonraí criptithe;

30. Ag TABHAIRT DÁ hAIRE a thábhachtaí atá sé a chur ar chumas na n-údarás inniúil náisiúnta úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí na hintleachta saorga ina gcuid oibre, lena n-áirítear i bpróiseáil ollsonraí, go háirithe sa chomhrac i gcoinne na coireachta tromchúisí, an antoisceachais fhoréignigh agus na sceimhlitheoireachta agus an gá atá le creat dlíthiúil éifeachtach comhréireach de chuid an Aontais don intleacht shaorga á chur san áireamh.

---

[6]. Comhsheasamh an 27 Nollaig 2001 ón gComhairle maidir le bearta sonracha a chur i bhfeidhm chun an sceimhlitheoireacht a chomhrac ( 2001/931/CBES) (IO L 344, 28.12.2001, lch. 93); Rialachán (CE) Uimh. 2580/2001 ón gComhairle an 27 Nollaig 2001 maidir le bearta sriantacha sonracha atá dírithe i gcoinne daoine agus eintitis áirithe d'fhonn an sceimhlitheoireacht a chomhrac (IO L 344, 28/12/2001, lch. 70); Cinneadh (CBES) 2016/1693 ón gComhairle an 20 Meán Fómhair 2016 maidir le bearta sriantacha i gcoinne ISIL (Daesh) agus Al-Qaida agus daoine aonair, grúpaí, gnóthas agus eintiteas lena mbaineann (IO L 255, 21.9.2016, lch. 25); Rialachán (AE) 2016/1686 ón gComhairle an 20 Meán Fómhair 2016 lena bhforchuirtear bearta sriantacha breise i gcoinne ISIL (Daesh) agus Al-Qaida, agus daoine nádúrtha agus dlítheanacha, eintiteas nó comhlachtaí a bhaineann leo (IO L 255, 21.9.2016, lch. 1).

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

**IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AN MÉID A LEANAS A DHÉANAMH:**

31. LEANÚINT leis an bplé a rinneadh sna comhlachtaí iomchuí de chuid na Comhairle maidir le comhroinnt éifeachtach faisnéise iar-amais SIS a bhaineann le trodaithe eachtracha sceimhlitheoireachta, chun leasa na mBallstát uile atá toilteanach iar-amais SIS a ghlacadh, agus sreabhadh oibre Bhiúrónna SIRENE atá ann cheana, na bearta a glacadh, agus na deiseanna atá ar fáil faoi láthair chun foláirimh lena bhfuil bratach sceimhlitheoireachta a iontráil in SIS á gcur san áireamh;

32. I gcomhréir lena reachtaíocht náisiúnta toirmisc náisiúnta ar theacht isteach A EISIÚINT do náisiúnaithe tríú tíre ar bagairt thromchúiseach, réasúnta iad, bunaithe ar fhaisnéis amhail ciontuithe breithiúnacha nó faisnéis ó na seirbhísí slándála inniúla, don tslándáil náisiúnta agus/nó don ord poiblí agus dá bhrí sin bheadh bagairt ann dá mbeidís ar chríoch an Aontais. D'fhéadfadh sé go mbainfeadh an fhaisnéis sin le hionsaí sceimhlitheoireachta a phleanáil, le cónaí a dhéanamh i limistéar coinbhleachta nó le rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí sceimhlitheoireachta.

33. I gcomhréir leis na creataí náisiúnta, eisiúint beart den chineál sin i gcomhair trodaithe eachtracha sceimhlitheoireachta A CHEADÚ ar an leibhéal náisiúnta, in ainneoin éagmais naisc dhíreacha idir an Ballstát eisiúna agus an duine aonair lena mbaineann ach amháin ar choinníoll go bhfuil na bearta sin chun leas na slándála náisiúnta;

34. LEANÚINT de bhearta toirmisc ar theacht isteach, mar a fhoráiltear in Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2018/1861, a iontráil in SIS chun srian a chur ar dhaoine aonair ar bagairt sceimhlitheoireachta iad a theacht isteach ar chríoch an Aontais Eorpaigh;

35. Comhar A MHOLADH ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach idir:

- údaráis inimirce agus tearmainn,
- údaráis frithsceimhlitheoireachta;
- údaráis frithsceimhlitheoireachta agus imirce agus tearmainn ar an leibhéal náisiúnta

i gcomhréir lena n-inniúlachtaí faoi seach, agus á urramú gur ar gach Ballstát amháin a bheidh an fhreagracht as an tslándáil náisiúnta, chun feabhas a chur ar an eolas atá ag na húdaráis frithsceimhlitheoireachta maidir le huainiú agus staid an dul chun cinn atá déanta i ndáil le hiarratais ar chosaint idirnáisiúnta arna dtaisceadh ag daoine ar bagairt sceimhlitheoireachta iad agus, ar an gcaoi sin, go bhféadfar bearta iomchuí a dhéanamh ina gcoinne;

36. LEANÚINT leis an bplé a rinneadh i gcomhlachtaí iomchuí na Comhairle maidir leis an mbealach chun feabhas a chur ar mhalartú faisnéise maidir le huainiú agus staid an dul chun cinn stá déanta i ndáil le hiarratais ar chosaint idirnáisiúnta chuig na húdaráis frithsceimhlitheoireachta, teoranta dóibh siúd a bhfuil bagairt sceimhlitheoireachta ag baint leo, ar bhonn cás ar chás agus cearta bunúsacha á n-urramú;

37. na deiseanna A FHIOSRÚ na modhanna gníomhaíochta atá ag daoine aonair agus ag eagraíochtaí a chuireann an radacú agus an t-antoisceachas foréigneach chun cinn, a bhféadfadh an sceimhlitheoireacht a bheith mar thoradh orthu, a theorannú ar leibhéal an Aontais, go háirithe trína n-acmhainní airgeadais a chalcadh, agus leanúint den phlé ina ndírítear ar chosc a chur orthu ag gníomhú gan a bheith faoi dhliteanas, laistigh agus lasmuigh de theorainneacha an Aontais, i dtaca leis na creataí náisiúnta.

38. A ngníomhaíochtaí agus a mbearta sriantacha A CHOMHORDÚ a mhéid is féidir, amhail sócmhainní agus acmhainní eacnamaíocha na ndaoine agus na n-eagraíochtaí lena mbaineann a chalcadh, chomh maith le bearta chun cosc a chur ar na daoine aonair lena mbaineann lasmuigh de chríoch an Aontais Eorpaigh ag teacht isteach i gcríoch náisiúnta na mBallstát;

39. faireachas A CHOINNEÁIL chun a áirithiú nach féidir le heagraíochtaí a ghníomhaíonn i gcoinne luachanna bunúsacha coiteanna an Aontais, trí fhoréigean, fuath nó éadulaingt a chur chun cinn, leas a bhaint as cistí poiblí;

40. LEANÚINT leis na malartuithe is gá leis na geallsealbhóirí uile a údarú chun creat cothromaithe a bhunú le haghaidh rochtain ar shonraí digiteacha, bíodh sin maidir le sonraí nasctha a choinneáil, le rochtain ar ábhar criptithe nó le tionchar teicneolaíochtaí nua amhail an intleacht shaorga ar mhisin na n-údarás inniúil náisiúnta;

41. LEANÚINT den tionchar atá ag fogha míleata na Chónaidhm na Rúise faoin Úcráin ar an mbagairt sceimhlitheoireachta agus ar an mbagairt antoisceach fhoréigneach a mheasúnú;

**IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:**

42. MEASÚNÚ A DHÉANAMH ar an gcomhréireacht agus ar na hathruithe riachtanacha dlíthiúla agus teicniúla lena bhféadfaí na Ballstáit dheonacha a chur ar an eolas faoi amas in SIS maidir le trodaithe eachtracha sceimhlitheoireachta, chun malartú faisnéise a fheabhsú agus rochtain a fháil ar fhaisnéis;

43. A MHEAS, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, an riachtanas agus an chomhréireacht a bhaineann le forbairtí dlíthiúla a d'fhéadfaí a dhéanamh agus lánurraim á tabhairt do chreat dlíthiúil an Aontais atá ann cheana, lena gceadófar aitheantas frithpháirteach do thoirmisc ar theacht isteach d'amhrastaigh sceimhlitheoireachta i ngach Ballstát atá toilteanach, a bhféadfaidh próiseas comhairliúcháin fhrithpháirtigh a bheith mar chuid de faoi na bunchúiseanna le cosc ar theacht isteach a eisiúint;

44. SCRÚDÚ A DHÉANAMH ar réitigh éagsúla lena bhféadfaí na húdaráis frithsceimhlitheoireachta a chur ar an eolas faoi uainiú agus staid an dul chun cinn atá déanta maidir le nósanna imeachta áirithe d'iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh ag duine aonair ar bagairt sceimhlitheoireachta é nó í;

45. na deiseanna atá ar fáil leis an gcreat dlíthiúil Eorpach atá ann cheana A FHIOSRÚ chun teorainn a chur le hacmhainní airgeadais na ndaoine aonair nó na n-eintiteas a chuireann an radacú agus an t-antoisceachas foréigneach chun cinn a bhféadfadh an sceimhlitheoireacht a bheith mar thoradh orthu, agus machnamh a dhéanamh ar aon leasuithe úsáideacha ar an gcreat sin;

46. LEANÚINT leis na hiarrachtaí chun a áirithiú nach bhfuil eagraíochtaí nach n-urramaíonn rialacha agus luachanna coiteanna an Aontais, agus a thacaíonn le hábhar atá contrártha do chearta agus saoirsí bunúsacha, incháilithe do chistiú poiblí AE;

47. MEASÚNÚ A DHÉANAMH ar an leas agus ar an mbreisluach a bhaineann le tionscnamh reachtach a ghlacadh lena ndírítear ar rialacha íosta a bhunú maidir le cionta coiriúla agus smachtbhannaí a shainiú i réimse na gáinneála ar airm aindleathacha, mar a fógraíodh i bplean gníomhaíochta an Aontais maidir le gáinneáil ar airm thine 2020-2025[7];

48. LEANÚINT leis na hiarrachtaí, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, an réamhobair is gá a dhéanamh chun mol eolais de chuid an Aontais a bhunú maidir leis an radacú a chosc.

---

[7] COM/2020/608 final.